
# IORRAS AITHNEACH 93

*Cuntas ar cheantar Chill Chiaráin agus Chárna*


*Cuid de*


## Foras Feasa ar Iorras Aithneach 1990-2000











*Foilsithe ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach*

*Mí na Nollag 1993*

Luach £1

# Comharchumann Chonamara Thiar Teo.

Cill Chiaráin
Fón: 095-33436. Facs: 33413

• Stór – veain go doras •

• Siopa – díol mór éadaigh an Nollaig seo •

• Lotto – £140,000 + buaite go dtí seo •

• Clár Leader •

• Pléaráca Chonamara •

• Coiste Cabhrach – othar-charr •

• Turasóireacht Chonamara agus Árann •

• Turasóireacht Iorras Aithneach •

• Feachtas na nEaspag •

• Staidéar na gCuanta – TCA/Clár Leader •

• Scéimeanna SES •

• Coiste Timpeallachta •

• Seirbhís Tús-Gnó – saor in aisce •

• Cabhair Phobail – iarratais, clárúcháin, foirmeacha, scéimeanna, deontais •

EAGRAÍOCHT PHOBAIL – DON PHOBAL

*Beannachtaí na Nollag*

## Eagarfhocal

Go mbeannaí Dia dhíbh.

Tugann an Iris seo léargas ar shaol an phobail sa mbliain 1993. Léiríonn na figiúirí daonra gur beag athrú a tháinig ar líon na ndaoine atá ina gcónaí anseo. Ach, tugann an tuarascáil a déanadh faoi stiúir an Dochtúra Uí Chathasaigh i rith na bliana le fios go bhfuil mí-chothromaíocht sa bpobal i dtaobh aois ghrúpaí de. Ní hé an paróiste is laige i gConamara ar an gcaoi sin é, ach tá an claonadh sin ann. Tá bunchloch amháin riachtanach más linn líon mhór daoine óga a choinneáil ins an bparóiste seo – jabanna. Is léir óna figiúirí fostaíochta gur b'í an Fheilméireacht Éisc is mó a thugann jabanna seasta ins an bpobal seo i gcónaí. Tá forbairt luachmhar dá dhéanamh ar thionscail an tSliogéisc agus ní mór coinneál leis sin.

Is deacair tionscail ar bith eile a thabhairt an taobh seo – ceaptar go bhfuil muid ró-fhada siar. Dá mbeadh na bóithre i gceart, ní bheadh muid leath chomh fada siar. Giorraíonn bóthar maith an aistir. Tá ag éirí linn béim a dhíriú ar na bóithre thart anseo ach caithfear airgead mór a chaitheamh sul a mbeidh bail shásúil orthu. Nó go ndéanfar é sin, beidh buaithrín ar dhul chun cinn thart anseo.

Ó thaobh forbairt shóisialta de, tá teach banaltrais do dhaoine aosta ar an tseirbhís is géire atá ag teastáil anseo. Faraíor, is deacair foinse airgid a fháil le'n aghaidh. Tá go leor moltaí curtha ar aghaidh agus fiosraithe déanta i rith na bliana ach níl aon toradh dháiríre ar ag deireadh na bliana seo.

Ach, ní scéal duaircis atá len inseacht. Tá croí agus misneach ins an bpobal anois agus tá na gluaiseachtaí forbartha dá dtreorú go stuama. Tá go leor ag braith ar an ngluaiseacht sin ins na blianta amach romhainn.

Toghadh Comhairle Pobail Iorras Aithneach i mí Eanáir, 1993. Tréimhse dhá bhliain atá aige sul a mbeidh toghchán eile ann. Tá sé rí-thábhachtach go dtabharfaí deis do réimse leathan daoine ó chuile áit ins an bpobal a bheith páirteach ins an gComhairle Pobail agus sin atá dá dhéanamh againn. Tá a thoradh sin le feiceáil freisin.

Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an iris seo agus go mba fearr a bhéas sibh an t-am seo arís.

### AN CLÚDACH

Barr (ar chlé): Pádraig Ó Cosgordha agus an Ceannfort Maitias Mac Donnchadha i gcuideachta an Aire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn, an oíche ar bhronn sí gradaim ar an mbeirt acu – 20/11/1993.

Barr (ar dheis): Máire Bn. de Búrca as Leitir Caladh, Leitir Móir a bhuach £3,031,527 sa LOTTO Náisiúna ar an 7ú Lúnasa, 1993. B'shin é an bua ba mhó ariamh sa tír seo. Is as Ruisín na Mainíoch, Cárna í Máire Bean de Búrca ó dhúchas.

Íochtar ar chlé: Pádraig Ó Gaora as sráidbhaile Chárna a ceapadh ina Cheannasaí Nuachta in RTÉ i mí Deireadh Fómhair 1993.

Íochtar ar dheis: Pádraig Breathnach as an Áird Mhóir ar a bhionda sa tarraingt téide ag Féile na Mara i gCill Chiaráin.

### Obair eagrúcháin

Siad Seosamh Ó Cuaig agus Máirtín Ó Catháin a rinne an obair eagarthóireachta ar an Iris seo. Guíonn siad beirt agus guíonn baill Chomhairle Pobail Iorras Aithneach uile Nollaig mhaith oraibh.

## Foras Feasa ar Iorras Aithneach

Scéim é Foras Feasa ar Iorras Aithneach ina bhfuiltear ag coinneáil cuntais ar imeachtaí ins an bpobal ó bhliain go bliain ins na naochaidí. Tá an comhaireamh ar an daonra agus an cuntas ar fhostaíocht ina chuid an-tábhachtach de. Ar ndóigh, beidh spéis ag daoine freisin in imeachtaí eile atá luaite againn ag deireadh na bliana, chomh maith leis na pictiúir.

Ba mhaith linn go mbeadh tuilleadh daoine fós páirteach ins an tionscnaimh ins na blianta amach romhainn. Creideann muid go mbeidh an tionscnaimh luachmhar ar go leor bealaí don pharóiste uile.

## Oifig

Tá seirbhísí oifige ag Comhairle Pobail Iorras aithneach in oifigí Údarás na Gaeltachta i gCárna. Glacann an Chomhairle Pobail buíochas leis an Údarás as ucht na hoifigí. Glacann muid buíochas freisin le Comharchumann Chonamara Thiar agus a mBainisteoir, Éamonn Ó Domhnaill as ucht a gcúnamh agus a gcomhoibriú. Tá ceangal foirmeálta idir an Chomhairle Pobail agus an Comharchumann.

Uimhir teileafóin Chomhairle Pobail
Iorras Aithneach 095-32587

**Uaireanta Oifige**

Dé Máirt agus Dé Céadaoin: 9.30 a.m. – 5 p.m.
Dé hAoine: 9.30 a.m. 1 p.m.

Comharchumann Chonamara Thiar
Uimhir teileafóin 095-33436
*Gnáth uaireanta oifige agus gnó*


# Ó Catháin Teo.

## *BUILDEÁIL*

Gabhla

Fón: (095) 31017

***Cébí cineál obair thógála atá ar intinn agat cuir scéala chuig***

**Paddy Keane, Ó Catháin, Teo.**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

## Cárna

Réitíonn muid an teach ar fad

• Bunsraitheanna • Ballaí •

• Díonta • Pluiméireacht •

• Pláistéireacht • Sreangú •

• agus Obair Adhmaid •

**Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara**


*Níl aon jab ró-mhór ná ró-bheag*

Glaoigh orainn ag:


**095-32331**

# Comhairle Pobail Iorras Aithneach



Máirtín Ó Catháin
(Cathaoirleach)



Ciarán Ó Maoláin
(Leas Cheathaoirleach)



Pádraig Ó Cosgordha
(Rúnaí)


Tomás Ó hIarnáin
(Rúnaí Cúnta)


Máire Uí Chuinneáin
(Cisteoir)



An Dochtúr
Micheál Ó Cathasaigh


An Ceannfort
Maitias Mac Donnchadha


Micheál Breathnach


Susan Uí Chatháin


Máire Uí Mhaoilchiaráin


Roibeárd P. Ó hÉilí



Seosamh Ó Cuaig



Ann Marie Uí Cheannabháin



Pádraig Ó Maoilchiaráin


Gearóid Ó Cosgordha


Alison Ní Chadhain


Éamonn Ó Méalóid


Ciarán Mac Donnchadha


Seosamh Ó hAllmhuráin

*Toghadh an Comhairle Pobail seo in Eanáir 1993.*

# NUACHT

## Monarcha nua ar an Eastát i Ruisín na Mainíoch

Dheimhnigh Bainisteoir Údarás na Gaeltachta do Charna agus do Chill Chiaráin, Tadhg Ó Conghaile, dúinn go mbeifear ag tóraíocht tairiscintí ó chonraitheoirí do thógáil na monarchan nua ar an eastát i Ruisín na Mainíoch go luath san athbhliain. 500 méadar cearnach achar na monarchan agus beidh sí níos mó ná ceachtar den dá mhonarcha atá ansin faoi láthair.

## *Torthaí Náisiúnta ar Thuarascáil*

Tugadh poiblíocht mhór ar fud na tíre don tuarascáil faoi dhaoine aosta in iarthar Chonamara a hullmhaíodh faoi stiúir an dochtúra anseo – an Dr. Micheál Ó Cathasaigh. Faraíor, ní hé an dea-scéala é. Is léir go bhfuil mí-chothromaíocht sa daonra agus nach bhfuil na seirbhísí do dhaoine aosta ar chaighdeán sách ard.

Ach, de bharr na tuarascála – tuarascáil a bhí spreagaithe ag Coiste Cabhrach Chárna agus Chill Chiaráin – tá sé socraithe ag an Roinn Leasa Shóisialaigh san Iarthar go ndéanfaidh siad iarracht níos láidre le heolas faoina bhfuil ag dul dóibh a thabhairt do dhaoine aosta.

Tá Ionad Cúram Lae an Phobail i Scoil Ghlinnsge ar cheann de na háiteacha a dtabharfar an t-eolas sin.

## Forbairt an Leictreachais

Tá tús curtha ag Bord Soláthar an Leictreachais leis an gceangal idir bailte Ghabhla agus Bhun na hAbhann. Bhí bearna sa líne sa gceantar seo. Tá Comhairle Pobail Iorras Aithneach i mbun feachtais le scathamh ar mhaithe le dúnadh na bearna seo. Ba cheart go gcuirfeadh an obair le éifeacht an chórais leictreachais i bpobal Chárna agus ar fud dheisceart Chonamara. Os cionn £50,000 atá an obair a chosaint agus beidh sí críochnaithe san Earrach.

## Comhlacht Ghaelic Seafood

Sé Comhlacht feilméireachta éisc Ghaelic Seafood is mó a thugann jabanna thart anseo. Tharla sé go tubaisteach i rith na bliana gur scriosadh an mhonarcha deataithe bradán i Ruisín na Mainíoch. Dúirt fear labhartha thar ceann an chomhlachta leis an iris seo go bhfuil an scéal á phlé i gcónaí leis an gcomhlacht árachais ach go bhfuil súil acu a bheith in ann dul ar aghaidh leis an bpleanáil i ndeireadh Eanáir, 1994.

Dheimhnigh an t-urlabhraí freisin go mbeidh leathmhilliún **smolt** ag dul amach arís i gCuan na Beirtrí Buí san earrach ach go mbeidh ochtar nó mar sin ag oibriú seachtain ghiorraithe go dtí sin. Tá an folmhú amach ar na cliabháin á dhéanamh, a deirtear, leis an uisce a ghlanadh agus mar chuid de pholasaí an tionscail.

Dheimhnigh an tUasal Stuart Bailie do thoscaireacht ón gComhairle Pobail níos túisce i mbliana go bhfuil luí láidir ag an gcomhlacht leis an gceantar.


# Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe
AN CHEATHRÚ RUA, CO. NA GAILLIMHE

| | |
|---|---|
| **Riaradh:** | Pleananna Gaeilge do Theaghlaigh gan Ghaeilge. Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí agus do Dhaoine Fásta ó Chárna go Camus go dtí an Spidéal. Pleananna Gaeilge i gcomhar le Coistí Áitiúla agus Comharchumainn. |
| **Reachtáil:** | Scéim Fostaíochta Sóisialta. Cúrsa do Chúntóirí Gaeilge. |
| **Reachtáil:** | Cúrsaí éagsúla trí Ghaeilge: Próiseáil Focal, Ríomhaireacht, Garchabhair, Ceamara Físe, Ealaíon srl. |
| **Maraon le:** | Seirbhís Leabharlann Ghaeilge, Seirbhísí Oifige, Clóscríobh, Fótachóipeáil, Facs. |
| **Chomh maith le:** | Dianchúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn & do Dhaoine Fásta, Cúrsaí Gaeilge LSS do ghrúpaí. |

ÁR gCUID DEN NOLLAIG AR IORRAS AITHNEACH

# Comhairle Pobail Iorras Aithneach – An Bhliain Oibre

*Tá bliain mhór oibre déanta ag 19 ball Chomhaiarle Pobail Iorras Aithneach ó toghadh iad i mí Eanáir, 1993.*

* **Scéim tithíochta do dhaoine aosta**
D'éirigh linn an Chomhairle Contae a thabhairt i dtreo na scéime seo. Tá réiteach á dhéanamh idir na dlíodóirí anois. Beidh an scéim ag tosú i 1994.

* **Teach banaltrais do dhaoine aosta**
Tréan-iarracht déanta ag an bhfo-choiste sóisialta (An Dr. Ó Cathasaigh, Seosamh Ó Cuaig, Máirtín Ó Catháin agus Maitias Mac Donnchadha) i rith na bliana. Go leor oibre déanta ar mheastacháin agus ar phleanáil, ach, faraoir, níl aon áisíneacht Stáit sásta tacú leis an bplean.

* **Scéim Fostaíochta Sóisialta**
*i gcomhar le Comharchumann Chonamara Thiar*
Jabanna ar siúl ar wireáil talún, deisiú bóithre, scéim taighde ar mhuiríní, láimh chúnta do sheirbhís na seandaoine, seirbhís riarthóireachta don Chomhairle Pobail, freastal ar scoileanna Chill Chiaráin, na hAirde Móire agus Mhuighrois agus cúnamh le hobair thart ar Theach an Phobail.

* **Cúrsa oiliúna teilifíse**
Eagraithe le spéis a spreagadh in imeachtaí Theilifís na Gaeltachta

* **Dhá chruinniú le Gaelic Seafood**
Le tábhacht na bpostanna sa tionscail a chur in iúl dóibh.

* **Cás na mBóithre**
Pléite le hInnealtóirí agus le polaiteoirí ar bhonn rialta.
Toradh an-mhaith ar scéim bóithre An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta i mbliana. Chúig bhóthar á ndeisiú. Feachtas tosaithe arís ar mhaithe le caoi a chur ar an mbóthar réigiúnach....an bóthar mór.

* **Brú le stádas níos fearr a thabhairt do Thrá Chaladh bhFuighinse**
Tástálacha uisce déanta agus molaldh ón gComhairle Contae gur cheart stádas níos fearr a thabhairt di.

* **Reiligeacha**
Caoi mhaith curtha ar sconsaí agus ar gheataí i Muigh Inis agus i Muighros.
Caoi curtha ar na bóithre síos go dtí iad freisin.

* **Foilseacháin**
Nuachtlitir curtha amach sa samhradh. Iris deireadh bliana arís.

* **An Córas Uisce**
Obair ghlantacháin déanta ar an gcóras. Brú láidir leis an scéim a mhéadú agus a shíneadh amach go Muighros / Leitir Ard / Glinsge.

* **Brú láidir ar mhaithe le seirbhís teileafóin agus leictreachais níos fearr.**

* Craobh de Chonradh na Gaeilge bunaithe anseo.

* **Dhá chruinniú le Bainistíocht Choláiste na hOllscoile, Gaillimh** faoin Saotharlann mara agus síor-bhrú ar mhaithe leis an Saotharlann.

* **Moltaí faoi fhorbairt na Gairmscoile** curtha ar aghaidh ag Coiste a bhunaigh muid.

* **Ócáid ómóis** eagraithe do Phádraig Ó Cosgordha agus do Mhaitias Mac Donnchadha.

* **Airgead téagartha** geallta ag clár Mheitheal Forbartha na Gaeltachta de bharr iarratas agus plean an Chomhairle Pobail.

* **Ceangal buanaithe** le Comharchumann Chonamara Thiar.

* **Múnla Forbartha** don cheantar sna hochtóidí ullmhaithe agus deich ranna éagsúla ann.

* **Dhá gcuirfí airgead ar bheadh lorg obair an Chomhairle Pobail ar beagnach £1/4 milliún do ghníomhaíocht a bhí ar siúl agus atá geallta don phobal seo i 1993.**

# Glór na nGael

Tá Comhairle Pobail Iorras Aithneach fite fuaite i gCoiste Ghlór na nGael sa bparóiste seo anois. Tá muid go láidir san iomaíocht don duais mhór. Inseoidh an aimsir toradh an scéil dúinn.

Bhí díomá ar an gComhairle Pobail nár éirigh leis an bparóiste seo a bheith buille beag níos airde ar liosta na mbuaiteoirí i gComórtas Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachata, "An Pobal Beo". Ní raibh an deis againn cur leis an gcás a bhí ag an bparóiste don chomórtas seo ach ní shin le rá nach raibh muid ag súil go gcrochfadh an pobal seo mór-dhuais leis. Ach, bhí ardchaighdeán ag pobail eile freisin agus go maire siad a nduaiseanna.

Raidió na Gaeltachta

Bíonn muid ar fáil gach uile lá den bhliain.
Ná bíodh drogall oraibh labhairt linn.

*Craoladh beo ar FM/VHF ar fud na tíre.*

***ADHMHAIDIN 08.00 - 09.15 Luan go hAoine***

# TIGH DAN O'HARA



*As Leitir Ard í Nóra Bhreathnach (Nóra Ghuairim roimh phósta di) agus tá aitheantas náisiúnta faighte aici féin agus ag a fear Máirtín de bharr an ionaid nua oidhreachta atá tosaithe acu in aice an Chlocháin – Tigh Dan O'Hara. Deirtear gur anseo a mhair an fear a bhfuil cur síos ar ins an amhrán: "For its here I am today, for God gave and took away ..." srl.*

*Sí an tAire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn, T.D., a d'oscail an tIonad go hoifigiúil ar an 31ú Bealtaine i mbliana. Sa bpictiúr seo tá an tAire ar leic an teallaigh Tigh Dan O'Hara (an tIonad atá múnlaithe mar sheanteach roimh aimsir an Ghorta) agus Nóra agus Máirtín Breathnach ina cuideachta.*

# Chomh glan leis an gcriostal!



*Trá Chaladh bhFuighinse agus an ghrian ag scalladh as na spéartha. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe scrúduithe ar an uisce i rith an tsamhraidh ar iarratas ó Chomhairle Pobail Iorras Aithneach. Thaispeáin na torthaí go bhfuil an t-uisce ar an gcaighdeán is airde glaineachta.*

*Tá Comhairle Pobail Iorras Aithneach ag iarraidh go dtabharfaí ardú stádais don trá.*

# *Do Cheolchoirm Nollag féin ar Dhlúthdhioscaí*

## AISLINGÍ CEOIL

Tony Mac Mahon, Noel Hill, Iarla Ó Lionaird

Léargas neamhchoitianta ar fad ar dhúchas ceoil na hÉireann agus ar ionad lárnach an tsean-nóis ann.

## AN CÓISIR

**Máire Ní Chaoimh**

15 traiceanna ceoil ó fhidléir óg ó Thrá Lí agus ceoltóirí ainmniúla ó Cape Breton in éindí léi. Ceoltóirí mar Ryan Mac Neil, Paul Mac Donald, Lloyd McDonald, Otis Tomas agus Jerry Holland. Léargas ar cheol ó Shliabh Luachra, Tír Chonaill, Albain agus Nova Scotia.

## DOBRÓ

**Frankie Lane**

An chéad cheirnín aonair ar an dobró a heisíodh in Éirinn. Ar na ceoltóirí a sheineann i dteannta Frankie Lane ar thraiceanna áirithe tá Stiofán Ó Cuanaigh, Ciarán Tourish, Trevor Hutchinson, Dermot Byrne, Paul Kelly, Noel Bridgeman.

## PÁDRAIG MAC MATHÚNA

**Blas na Meala**

'Aisling Gheal' agus scothdhréachta eile ó phíobaire óg cumasach. Ina theannta Seán Keane, Nollaig Ní Chathasaigh Noel O'Grady, Seán Ó Loinsigh, Henry Benagh, David James, a dheartháir Ciarán, a dheirfiúr, Deirdre.

## DORDÁN

Ceirnín ar a bhfuil Mary Bergin, Dearbhaill Standún agus Kathleen Loughnane. Ábhar mór taitnimh an chaoi a gcuireann siad ceol traidisiúnta as Éirinn agus as tíortha eile agus dréachta den cheol baróc ón 17/18ú céad i dteannta a chéile.

## FEADÓGA STÁIN 2

**Mary Bergin**

Sárcheirnín eile ón mhórcheoltóir seo ar an bhfeadóg stáin. In éineacht léi tá Alec Finn, Johnny 'Ringo' McDonagh, Dearbhaill Standún, Kathleen Loughnane, Joe agus Antoinette McKenna agus ceoltóirí eile.

## COUMÍNEOL

**Eoin Duignan**

Bunchumadóireacht ar na píobaí uilleann ó phíobaire óg a bhfuil cónaí air i nDaingean Uí Chúise agus ainm in airde air ar fud na tíre.

## MICHAEL COLEMAN 1891-1945

Bhunaigh ceirníní Michael Coleman, a eisíodh i Meiriceá idir 1921-1936 caighdeáin nua foirfeachta i seinm an fhidil agus ghnóthaigh siad buanionad dó mar an té ba mhó a d'imir tionchar ar cheol na hÉireann san 20ú haois. Tá athmháistreacht déanta ar 48 dtraiceanna ó cheirníní 78 Coleman ar dhá dhiosca san eisiúint nua seo.

**Ceirníní Gael-Linn**

# DAONRA AN PHOBAIL

Tógadh an cuntas seo ar dhaonra an phobail i dtús Mhí na Nollag, 1993. Tá na bailte liostáilte anseo díreach mar a bhí siad le roinnt bhlianta anuas i bhfoilseacháin eile.

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 74 |
| Coill Sáile | 99 |
| Loch Con Aortha | 96 |
| Cill Chiaráin (An Sráidbhaile) | 161 |
| Aill na Brún | 64 |
| Bántrach Ard | 68 |
| An Aird Mhóir | 171 |
| Caladh bhFuinnse | 91 |
| Ruisín na Mainíoch | 122 |

**MUIGH INIS**

| | |
|---|---|
| Cartúr | 35 |
| Feithearnach | 73 |
| Meall Rua | 39 |
| Ruisín a' Chalaidh | 3 |
| Crumpán | 55 |

**CÁRNA**

| | |
|---|---|
| Ón gClochar go Teach Sceirde (An tÓstán) | 119 |
| Leitir Deiscirt | 36 |
| Coillín | 48 |
| An Aird Thoir | 70 |
| An Aird Thiar | 74 |
| Más | 39 |
| Leath Mhás | 2 |
| Duibhithir | 65 |
| Muighros (soir chomh fada leis an scoil) | 69 |
| Leitir Ard, Damhros agus siar chomh fada le Scoil Mhuighrois | 136 |
| Glinnsge | 62 |
| Caladh an Chnoic | 10 |
| Gabhla | 39 |

Daonra iomlán an pharóiste = 1920

*(Sin 16 níos lú ná anuraidh.)*

## An Cuntas agus an Comhaireamh

Bhí foireann díograsach againn i mbun an chomhairamh arís i mbliana. Go deimhin, tá a bhformhór goite i dtaithí go mór anois ar. Buíochas le Seosamh Ó Cuaig, Ciarán Ó Maoláin, Micheál Breathnach, Bairbre Uí Neachtain, Tomás Ó hIarnáin, Colm Ó hUaithnín, Ann Marie Uí Cheannabháin, Máire Bean Uí Laighin, Susan Uí Chatháin, Pádraig Ó Maoilchiaráin, Máire Uí Chuinnneáin, Alison Ní Chadhain agus Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin.

*Comhghairdeachas as an Iris*
*ó*

**BAICÉIRÍ WALSHS**

Sr. an Mhargaidh, An Clochán

**Ag freastal go laethúil ar do cheantar**

Fón: 095-21283 / 21041
Facs: 095-21996

# Céad Fáilte Romhaibh

*Gasúir a baisteadh sa bpobal idir 31/7/1992 agus 31/7/1993.*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Cáit Máire Ní Chualáin | Carna | 19ú Lúnasa 1992 |
| Lee Ó Domhnaill | Leitir Ard | 22ú Iúil 1992 |
| Ciarán Bríd Ní Churlaigh | Ruisín na Mainíoch | 11ú Lúnasa 1992 |
| Carolín Áine Ní Ghaora | Feithearnach | 11ú Meán Fómh. 1992 |
| Domhnall Mac Suibhne | Muighinis | 22ú Lúnasa 1992 |
| Mairéad Irene Ní Chuirrín | Ruisín na Mainíoch | 18ú Meán Fómh. 1992 |
| Clíona N. Nic Dhonncha | Cill Chiaráin | 6ú Deir. Fómh. 1992 |
| Tomás Ó Maoilchiaráin | Feithearnach | 25ú Samhain 1992 |
| Bríd Á. Ní Mhaoilchiaráin | Cille | 27ú Samhain 1992 |
| Máirtín Ó hÉinniú | Aird Thoir | 31ú Nollaig 1992 |
| Tasmin N. Ní Dhomhnaill | Dubhithir | 24ú Nollaig 1992 |
| Gráinne Bhreathnach | Aird Thiar | 1ú Eanáir 1993 |
| Seosaimhín Ní Cheannabháin | Aird Thoir | 13ú Eanáir 1993 |
| Joanne Ní Cheannabháin | Aird Thoir | 13ú Eanáir 1993 |
| Eilís C. Ní Fhearráin | Dubhithir | 3ú Feabhra 1993 |
| Regina M. Nic Dhonncha | Aird Mhóir | 25ú Bealtaine 1993 |
| Bríd Ní Mhaoilchiaráin | Caladh bhFuinnse | 28ú Meitheamh 1993 |
| Mairéad Á. Ní Allmhúráin | Cill Chiaráin | 5ú Meitheamh 1993 |
| Lisa Á. Ní Fhlatharta | Bantrach Ard | 3ú Lúnasa 1993 |
| Séamus L. Mac Donncha | Cill Chiaráin | 7ú Iúil 1993 |
| Déan S. Ó Laighin | Coillín | 22ú Iúil 1993 |

# SONAS ORAIBH

*Lánúnacha a phós sa bpobal idir 31/10/1992 - 31/10/1993*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| 1. Seosamh M. Mac Tamhais<br>Caitlín M. Nic Lochlainn | Carna<br>Boston | 19ú Nollaig 1992<br>" |
| 2. Pádraig Ó Ceannabháin<br>Máire Á. Ní Dhonnchú | Aird Thiar<br>Aird Móir | 30ú Eanáir 1993<br>" |
| 3. Seán Mac Donncha<br>Máire Á. Nic Dhonncha | Aird Móir<br>Coillín | 20ú Feabhra 1993<br>" |
| 4. Tomás Ó Máille<br>Eilís Ní Cheannabháin | Sraith Salach<br>Aird Thoir | 12ú Meitheamh 1993<br>" |
| 5. Seán S. Mac Donncha<br>Bríd Á. Ní Cheallaigh | Béal a' Daingin<br>Coill Sáile | 26ú Meitheamh 1993<br>" |
| 6. Seán G. Mac an Rí<br>Máire B. Nic An Iomaire | Caiseal<br>Leitir Ard | 17ú Iúil 1993<br>" |
| 7. Caoimhín Ó Maoldomhnaigh<br>Eilín Ní Locháin | Mionloch<br>Doire Iorrais | 15ú Iúil 1993<br>" |
| 8. Micheál Ó Conaola<br>Máire P. Ní Cheannabháin | Baile na hAbhann<br>Aird Thoir | 24ú Iúil 1993<br>" |
| 9. Micheál Ó Murchadha<br>Bríd Ní Alluráin | Snaidhm<br>Cill Chiaráin | 2ú Lúnasa 1993<br>" |
| 10. Riobeárd S. Seoighe<br>Caitlín B. Ní Mhaidín | Bántrach Ard<br>Cill Chiaráin | 28ú Lúnasa 1993<br>" |
| 11. Stiofán Ó Loideáin<br>Máirín Ní Loideáin | An Cheathrú Rua<br>Muighros | 29ú Lúnasa 1993<br>" |

# I nGAIRDÍN DÉ

*Na daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal seo ó 1/12/1992 - 1/12/1993.*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Tomás Ó Maoilchiaráin | Áill na Brún | 11/12/1992 |
| Bairbre Bn. Uí Niadh | Áill na Brún | 01/01/1993 |
| Pádraig Ó hIarnáin | Ruisín na Mainíoch | 28/01/1993 |
| Pen Bn. Uí Chatháin | Cill Chiaráin | 16/02/1993 |
| Máirtín Breathnach | Ruisín na Mainíoch | 01/03/1993 |
| Páraic Ó hIarnáin | Ruisín na Mainíoch | 30/03/1993 |
| Pádraig Ó Uaithnín | Más | 06/04/1993 |
| Nóra Bn. Uí Bhairéid | Ruisín na Mainíoch | 04/05/1993 |
| Cáit Bn. Uí Bhairéid | Coillín | 08/05/1993 |
| Colm Ó Flatharta | Loch Con Aortha | 26/04/1993 |
| Mairéad Ní Mhaoilbhríde | Coill Sáile | 02/05/1993 |
| Pádraig Ó Conaola | Coill Sáile | 11/05/1993 |
| Mairéad Bn. Uí Chatháin | Áird Thoir | 24/05/1993 |
| Nóra Bn. Uí Chraith | Glinnsge | 26/06/1993 |
| Micheál Ó Móráin | Carna | 03/07/1993 |
| Liam Mac Donncha | Aird Mhóir | 02/07/1993 |
| Tomás Breathnach | Caladh bhFuinnse | 18/07/1993 |
| Tomás Seoighe | Coill Sáile | 04/07/1993 |
| Máirín Bn. Uí Churraoin | Carna | 23/07/1993 |
| Seosamh Ó Laoi | Aird Thoir | 28/08/1993 |
| Stiofán Mac Donncha | Oileán Fhínse | 14/09/1993 |
| Caitríona Uí Mhongáin | Bántrach Ard | 18/08/1993 |
| Seosamh Ó Maoilchiaráin | Caladh bhFuinnse | 25/09/1993 |
| Seosamh de Búrca | Dubhithir | 14/10/1993 |
| Pen Bn. Uí Ghuairim | Leitir Ard | 17/10/1993 |
| Pádraig Ó Cualáin | Caladh bhFuinnse | 17/10/1993 |
| Peadar Ó Ceannabháin | Cill Chiaráin | 12/11/1993 |
| Colmán Ó Caonaigh | Caladh an Chnoic | 21/11/1993 |

## Líon na nGasúr sna Scoileanna

| | |
|---|---|
| Scoil Mhuighrois | 31 |
| Scoil Charna | 64 |
| Scoil na hAirde Móire *(an naíonra san áireamh)* | 78 |
| Scoil Mhuigh-Inse | 26 |
| Scoil na hAirde Thiar | 67 |
| Scoil Chill Chiaráin | 63 |
| Scoil Phobail Charna | 216 |

## FOINSÍ OIBRE SA BPARÓISTE

| *Ionad* | *Lán/Aim.* | *Páirt/Aim.* |
|---|---|---|
| Gaelic Seafood | 51 | 5 |
| Bia Mara (I.S.P.G.) | 13 | - |
| Emerald Fisheries | 13 | 7 |
| Transmara Teo. | 8 | - |
| Éisc Uí Fhlatharta | 5 | 4 |
| Breizon | 4 | 6 |
| Arramara Teo. | 14 | - |
| A.C.M. | 7 | - |
| Saotharlann Mara, Muighinis | 9 | 10/15 |
| Taighde Mara Teo. | 3.5 | - |
| Comharchumann Sliogéisc Chonamara | 4.5 | 180 |
| Scoil Phobail Charna | 14 | 5 |
| Bunscoileanna ar fad sa bpobal | 15 | - |
| Comhlachtaí Tógála ar fad sa bpobal | 26 | - |
| Seirbhísí leighis, sóisialta agus dochtúra | 6 | - |
| Carna Lighting | 8 | - |
| Ag obair i seirbhísí (m.sh. siopaí, tithe tábhairne, óstáin) | 50 | 5 |
| Comharchumann Chonamara Thiar | 4 | 2 |
| Cill Chiaráin Éisc | 4 | 17 |
| Eile | 8 | |
| Féin-Fhostaithe | 9 | |
| Scéim S.E.S. (Comharchumann agus Comhairle Pobail) | | 18 |
| Daoine a théann amach as an bparáiste gach uile lá ag obair | 23 | |
| Líon daoine a thagann isteach chuig jabanna buana sa bparáiste gach uile lá | 45 | |

# AN AIMSIR 1993

*Cuntas tógtha ag an Stáisiún i gCeann Mása, Cárna*

| | |
|---|---|
| **Báisteach 1993** | |
| Eanáir | 154.7 (mm) |
| Feabhra | 34.4 |
| Márta | 54.6 |
| Aibreán | 29.9 |
| Bealtaine | 132.7 |
| Meitheamh | 65.4 |
| Iúil | 85.6 |
| Lúnasa | 59.9 |
| Meán Fómhair | 73.5 |
| Deireadh Fómhair | 73.5 |
| Samhain | 97.6 |
| **Iomlán** | 911.8 (mm) |

**LÁ AB FHUAIRE**

1ú Marta 1993: -2.4°C

**AN LÁ BA TEOCHA**

1ú Meán Fómhair 1993 21.1°C

**LÁ BA FLICHE**

18ú Bealtaine 1993 34.7 (mm)

## GAOTH

An gusta ba láidre 81.4 míle san uair. Shéid an gusta seo ar an 5ú lá d'Eanáir.

Bhí an bhliain cuid mhaith níos tirime ná 1992.

Chaith sé 1194mm báistí ó 1ú Eanáir – 30 Samhain, 1992, ach níor chaith sé ach 911.8mm sa tréimhse céanna i mbliana. Ach bhí an bhliain seo níos fuaire ná 1992.

## *Nóta faoin aimsir*

Cuirfidh muid an bháisteach a chaith sé anseo i gcomórtas le háiteanna eile ar fud na tíre don tréimhse 1/1/1993 go 30/11/1993.

| | |
|---|---|
| **Ceatharlach** | **780mm.** |
| **An tSionainn** | **733mm.** |
| **Baile Átha Cliath** | **826mm.** |
| **Corcaigh** | **1127mm.** |
| **Gaillimh** | **944mm.** |
| **Béal a'Mhuirthid** | **957mm.** |
| **Ceann Mása, Cárna** | **911.8mm.** |

*****

## Cispheil Cailíní

D'éirigh le foireann chispheile sinsearach na Scoile Pobail sa gCluiche Ceannais Réigiúnach le gairid. Bhuaigh siad ar Choláiste Chroí Mhuire, An Spidéal, leis an scór 39 in aghaidh 27.

Ar an bhfoireann bhí: Siobhán Ní Chaonaigh, Linda Seoige, Máire Ní Fhlatharta, Bríd Ní Chualáin, Martina Ní Chuinneáin, Bróna Ní Chaonaigh, Caitlín Ní Chuinneagáin, Treasa Ní Tháibhís, Máire M. Ní Mhaoilchiaráin.

# SCÉALTA SPÓIRT AS AN SCOIL PHOBAIL

*(Roibeárd Ó hÉilí, Príomh Oide)*

## Peil Ghaelach

D'éirigh go han-mhaith le Scoil Phobail Mhic Dara, Cárna anuraidh i gcomórtas 'Sraith Sinsir – Roinn B' na gCeardscoileanna. Bhain siad amach an Chraobh den chéad uair le tamall anuas tar éis cluichí crua in aghaidh Thuama, an Athar Uí Ghríofa, Ros Muc agus an cluiche ceannais in aghaidh an Athair Uí Ghríofa, sin an dara cluiche.

Tá cuntas an-ghearr ar na cluichí sin anseo.

**Cárna v Tuaim**

Bhí cluiche an-chothrom againn in aghaidh Thuama sa gcéad leath. Ní raibh ann ach aon phointe amháin ag leath ama ... 5 phointe in aghaidh 4.

Sa dara leath, d'imir muid i bhfad níos fearr agus bhuach muid an cluiche go maith sa deireadh. An scór 3-13 in aghaidh 1-7.

**Cárna v Athar Uí Ghríofa**

An cluiche ba chruaichte a bhí againn ar an gcosán go dtí an 'Cluiche Ceannais'. Bhí cluiche an-chrua agus fisiciúil againn ach bhuach muid éasca go maith le cúil ó Sheán de Búrca, Seán Seoige, Pádraic Ó Caonaigh agus Niall Ó hÉalaí. B'é an scór deireadh:

*Cárna 4-11* — *Athair Ó Gríofa 2-7*

**Cárna v Ros Muc**

Bhí cluiche spéisiúil againn in aghaidh Ros Muc ach bhuaigh muid éasca go maith é. B'é an scór ag an deireadh:

*Cárna 7-13* — *Ros Muc 1-5*

**An Fhoireann**

Rónán Ó Flatharta

Cormac Breathnach — Ciarán Ó Tuathail — Seán Ó Flatharta

Féichín Ó Guairim — Gearóid Ó Madaoin — Seán S. Ó Fátharta

Seán Mac an Iomaire (Capt.) — Pádraic Ó Caonaigh

Séamas Ó Clochartaigh — Niall Ó hÉalaí — Dara Ó Diarbháin

Micheál Ó Flatharta — Seán de Búrca — Seán Seoige

**Fir Ionaid**

Dáithí Ó Flatharta

Feargal Ó Cuaig

Marcas Mac Fhlannchadha

**An Cluiche Ceannais**

**Cárna v Scoil Bhóthar an Athar Uí Ghríofa**

Cluiche crua, cluiche spóirtiúil agus scóranna den scoth. Bhí an cluiche idir dhá cheann na meá nó gur scóráil Niall Ó hÉalaí cúl gar do dheireadh na huaire a thug an bhuntáiste dúinn. B'shin í an iarraidh mhór ach bhí poinntí maithe curtha ar an gclár roimhe sin ag Seán Seoighe, an caiptín Seán Mac an Iomaire agus ag Niall Ó hÉalaí. D'imir na cosantóirí thar cionn sa gcéad leath, rud a thug muid slán nó go bhfuair muid féin na scóranna.

Na himreoirí ab fhearr: Seán Mac an Iomaire, Niall Ó hÉalaí agus Feichín Ó Guairim.

## Tinreamh maith

Níor chaill Caitlín Ní Chuinneagáin as Glinnsge ná Pádraic Ó Ceoinín as Leitir Ard, oiread is lá amháin ón scoil anuraidh. Moladh go hárd iad ... agus go bhfága Dia an tsláinte mhaith acu.

# Conradh na Gaeilge

*Baineann obair Chonradh na Gaeilge le gach gné de shaol na Gaeilge. Bíonn ár gcraobhacha ar fud na hÉireann ag saothrú go dian chun*

* *tacú leis an nGaeltacht;*
* *cearta a bhaint amach do phobal na Gaeilge;*
* *stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge sna Sé Chontae;*
* *tacú le naíonraí agus le scoileanna lánGhaeilge;*
* *staid na Gaeilge a fheabhsú ag gach leibhéal den chóras oideachais;*
* *stáisiún teilifíse lánGhaeilge a fháil bunaithe;*
* *breis cláracha Gaeilge a fháil craolta ar an teilifís agus ar an raidió.*

*Cláraigh linn agus glac páirt inár gcuid oibre ar son na Gaeilge.*

Fáiltímid roimh

Chraobh Chárna

de

Chonradh na Gaeilge

**Conradh na Geailge,**
**6, Sráid Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2.**
**Fón: (01) 475 7401 / 475 7402**

CONRADH NA GAEILGE
100
1893-1993
AN CHÉAD CHÉAD

# Céad Slán le Micheál Ó Móráin

*Go tobann, ar an 3ú lá de mhí Iúil i mbliana, le linn dó a bheith ag imirt Gailf ar an gcúrsa nua ar an Uarán Mór, bhásaigh Micheál Ó Móráin, Iar-chomhairleoir Contae agus Iar-chathaoirleach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe.*


*Bhí Micheál ar dhuine de phearsain mhóra an phobail seo agus ar dhuine de phearsain mhóra Chonamara agus na Gaeltachta.*

*Tugann na pictiúir seo roinnt léargais ar a stádas sa saol poiblí.*




**Scoláire**

*An lá ar bronnadh céim sa tráchtáil air i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh.*



**Cathaoirleach**

*Ina Chathaoirleach ar dhíospóireacht in Ollscoil na Gaillimhe. An cainteoir? Seán T. Ó Ceallaigh, Iar-uachtarán na hÉireann.*



**Cainteoir**

*Gaeilge nó Béarla.....bhí sé chomh líofa céanna i chaon teanga acu. Anseo - ag Ard-Fheis Fhianna Fáil.*



**Polaiteoir**

*Focal i gcluais Bhobby Molloy.*



**Stádas Poiblí**

*Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ag fáiltiú roimh Chonor Hayes le Corn Mhic Chárthaigh tar éis do Ghaillimh Craobh Iomána na hÉireann a bhuachaint i 1987. An tAire Stáit, Noel Treacey, ar an taobh eile.*



**Fear Gaeilge agus Gaeltachta**

*I gcuideachta an Fheisire Eorpaí, John Hume, ag ócáid de chuid Ghlór na nGael sa Tuaisceart.*



*Ag tacú leis an bpobal in éineacht le Máirtín Ó Catháin agus le Maitias Mac Donnchadha ag lainseáil Sheirbhís Otharcharr Chárna.*

Chuir an Chomhairle Pobail garda onóra ar fáil ag sochraíd Mhichíl Uí Mhóráin. Gabhann muid comhbhrón lena bhean Mairéad agus le Micheál, Máire, Doiminic agus an tAthair Máirtín, a chlann agus le fear Mháire, John O' Connor agus le iníon Mháire, Sorcha agus lena uncail, An Canónach Liam Ó Móráin.

# BANC AONTAS ÉIREANN

## (ALLIED IRISH BANK)

*Clochán*

### GINEANN TÚ AN BHUAIC IONAINN

Is í ár n-aidhm in AIB tuiscint a fháil ar riachtanais ár gcustaiméirí agus freagairt dóibh.

Tá a fhios againn go mbeidh tamall ann go dtí go mbeidh tuiscint agus acmhainn freagartha iomlán againn ar riachtanais ár gcustaiméirí. Ach táimid ag obair gach lá chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil díbhse.

Tá an barrmhaitheas mar aidhm againn, ní hamháin chun ár n-uaillmhian féin a shásamh ach ar son ár gcustaiméirí chomh maith. Is iad do riachtanais-se a ghineann an bhuaic ionainn.

*NÁ TÉIGH THAR DHORAS A.I.B.*
*GAN SEASAMH AR AN URLÁR!*

AIB

**A.I.B., An Clochán**
**Fón: (095) 21129/21120**
**Facs: (095) 21895**

# ÓCÁID ÓMÓIS

*do*
*Pháidraig Ó Cosgordha, Uasal*
*agus don*
*Cheannfort Maitias Mac Donnchadha*

Tigh Pheacocke – An Teach Dóite
20 Samhain, 1993

Siad Pádraig Ó Cosgordha agus an Ceannfort Maitias Mac Donnchadha an bheirt bhall is sinsirí de Chomhairle Pobail Iorras Aithneach.

D'eagraigh an Chomhairle Pobail Ócáid ómóis don bheirt Tigh Pheacocke ar an Teach Dóite ar an Satharn, an 20ú lá de Shamhain.

Bhí slua mór ag an ócáid. I dteannta mhuintir an phobail bhí daoine go leor ón saol poiblí i láthair freisin. Ar ndóigh, b'í an tAire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. a bhronn na gradaim speisialta agus na teastais ar Pháidraig agus ar Mhattie. Chomh maith leis an Aire Dlí agus Cirt, bhí na daoine seo a leanas ón saol poiblí ag an ócáid – Pádraic Mac Cormaic, T.D.; Seán Ó Neachtain, Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta; Seosamh Ó Cuaig, Comhalta de Bhord Údarás na Gaeltachta; An Comhairleoir Contae, Connie Ní Fhátharta; Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Údarás na Gaeltachta, Donncha Ó Gallchóir, Pádraig Ó Beaglaoich, Feidhmeannach Sinsireach le Roinn na Gaeltachta; Pádraig Ó Durcáin, Iar Stiúrthóir ar Roinn na Gaeltachta; An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Leas Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Gaillimh; Ivan McPhillips, Bainisteoir Mheitheal Forbartha na Gaeltachta agus Tom Lavin, Stiúrthóir an Tionscnaimh Forbartha Pobail, "Forum".

Chas Banna Ceoil Arm na hÉireann as Áth Luain ceol i dtús na hoíche agus chas na Ceannabháin as an Áird an ceol don damhsa ina dhiaidh sin.

Ba mhaith an aghaidh ar Pháidraig agus ar Mhattie an onóir agus an t-ómós a tugadh dóibh an oíche sin. Is iontach an tseirbhís atá tugtha ag an mbeirt acu do phobal Chárna agus Chill Chiaráin.







*Ó chlé: Ann Marie Uí Cheannabháin, Breandán Ó Ceannabháin, Antoine Ó Cualáin, Nan Bean Uí Chualáin, Martina Ní Cheannabháin agus Seosamh Ó Cuaig.*

***Tuilleadh pictiúir ó oíche Mhattie agus Pháidraic ar lth. 18.***

# Ócáid Ómóis Phádraic Ó Cosgordha agus Mhaitias Mhic Dhonnchadha



*Clann 'ac Dhonnchadha. Ar gcúl, ó chlé: Catherine, Maitias, Betty Bean Mhic Dhonnchadha. Chun tosaigh: Nuala, Eilish agus Mary.*



*Pádraig Ó Cosgordha agus a chlann ag an ócáid. Ó chlé: Déirdre, Damhnait, Gearóid, Muireann, Tríona agus Áine. Pádraig é féin chun tosaigh.*



*Ó chlé: Éamon Mac an Ríogh as an gClochán, a bhean Nóirín agus Ceannasaí Nuachta RTE, Pádraig Ó Gaora.*



*Chun tosaigh Pádraig Ó Cosgordha i gcuideachta a iníne, Déirdre agus sa líne cúil a dheartháracha agus a dheirfiúracha (ó chlé) Máirtín, Máire Bean Uí Chuirrín, Maitias, Bairbre Bn. Uí Chonghaile agus Micil.*



*Ó chlé: Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Údarás na Gaeltachta do Ros Muc agus do Chárna, Séamus Breathnach as an Áird Thiar agus Éamon Ó Conghaile as an Áird Thiar.*

## AG TEACHT GO CONAMARA?

Tar isteach Tí Kheogh in Uachtar Ard nó coinnigh ort i dtreo na mBeanna Beola agus stop ag an Teach Dóite ar an N59.

TOGHA AN BHIA LE FÁIL, RÉIMSE IONTACH EARRAÍ CNIOTÁILTE, CRIOSTAL AGUS BRONNTANAIS EILE SA SIOPA CEARDAÍOCHTA, NÓ D'FHÉADFÁ LÁ A CHAITHEAMH AR AN AONACH ...

AG AN TEACH DÓITE ATÁ PRÍOMHMHARGADH STOIC CHONAMARA, FEICFIDH TÚ NA FEIRMEOIRÍ SLÉIBHE AG DÉANAMH MARGAIDH LEIS NA CEANNAITHEOIRÍ AS LÁR TÍRE.

# MÓIN MHEAISÍN CHONAMARA TEO.

AN TEACH DÓITE

*Móin den scoth agus leoraí*
*lena tabhairt abhaile*

'Cuisine' den scoth agus é curtha ar fáil go fial flaithiúil, mar is dual do Chonamara, in aice le Teachín an "Quiet Man".

DEOCHANNA

BIALANN

'CABARET'

SIOPA CEARDAÍOCHTA
a fuair duais ó Bhord Fáilte.

# AN TEACH DÓITE

CONAMARA.
Teil. (091) 82306 Facs. (091) 82215

Teachín an "Quiet Man", Siopa Ceardaíochta a fuair duais ó Bhord Fáilte, Deochlann, Bialann, 'Cabaret' agus Damhsa, Stáisiún Peitril agus Siopa Grósaera.

*Rogha breá éisc ar an mBiachlár idir gliomaigh, bradáin, muiríní, cloicheáin, diúilicíní agus oistrí cáiliúla Iarthar na Gaillimhe.*

DON DREAM ATÁ AG
CUR FORAOISE NÓ AG
RÉITEACH TALÚN

*Gníomhairí do*
*héalacaptair Dollard*
*Leasú agus Spraeáil*
*Raithní*

# Tigh Kheogh

Uachtar Ard

Bialanna agus Beár Delicatessen agus Eischeadúnas, Ollmhargadh agus seirbhís glanadh éadaigh, snúcar. Agus ábhar feilme : crua-earraí leasú talún, beatha beithíoch, ábhar tine agus ceannach talún.

Aonach mór Chapaillíní Chonamara : Dé Máirt, 25 Deireadh Fómhair 1994.

Fáinne sodair ann, trófaí ar an searrach is fearr as stail agus as capaillín atá cláraithe.

Seó Chapaillíní an Tí Dóite : 3 Iúil 1994.

# Féile na Mara, Cill Chiaráin

## 4-5 Meán Fómhair, 1993

Máire Uí Mhaoláin

*Bhí cúis mhór bróid agus ríméid ag muintir Chill Chiaráin ar an 4-5 de Mheán Fómhair 1993. Go gairid tar éis a haon a chlog Dé Sathairn cuireadh tús le imeachtaí na Féile le comórtas iascaireacht locha agus rása 10k. Ní raibh an cúrsa sroichte ag buaiteoir an 10k Stiofán Ó Cualáin nuair a facthas cabhlach báid ag timpeallú Thúr Cheann Gólaim, a n-aghaidh ar Chuan Chill Chiaráin. Ba bhreá an radharc é, báid mhóra, púcáin agus gleoiteoga ag tornáil aniar an cuan, an ghrian ag scalladh anuas orthu.*

I lár mhí Iúil a cuireadh tús leis an eagrú nuair a tháinig ochtar le chéile in oifigí Bhia Mara. Sí an aidhm a bhí againn ná ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht mhara i gcomhar leis an tionscail muir shaothraithe inár gceantar. Bhí traidisiún na bhFéilte Báid againn cheana féin, ní raibh orainn ach cur leis. Tá muid fíor bhuíoch de mhuintir an bhaile a thug cúnamh dhúinn go fial, flaithiúil. Do óg agus aosta an bhaile, a d'oibrigh go moch is go mall ar bheagán sochair: Paddy Ó Neasa, Máirtín Ó Cuirrín, Colm Ó Cadhain, Séamus Ó Neasa, marach iad ní bheadh aon chúrsa socraithe, aon rása rite.

D'oscail Máire Geoghegan-Quinn an Fhéile agus seoladh an irisleabhar *Féile na Mara*, oíche Dé Sathairn. D'fhreastal os cionn dhá chéad duine ar an mBuffet Beatha Mara san ionad pobail oíche Dé Sathairn freisin. Ina dhiaidh thosaigh na sluaite ag tarraingt ar Ray Lynam chun an oíche a dhamhsú amach. Ar an Domhnach bhí rásaí báid seoil, tug o' war, rásaí snámha, ceol, craic agus chowder ar an gcéibh. Ní féidir na himeachtaí ar fad a lua ná go deimhin na daoine a thug cabhair. Tá muid faoi chomaoin acu uile. Oíche Dé Domhnaigh chuir P.J. Ó hIarnáin barr feabhais ar imeachtaí na Féile le Céílí Mór agus spleodar ceoil san Ionad Pobal.

### Torthaí na gComórtas

**Húicéirí**
1. An Capall 2. An American Mór 3. An Tónaí

**Leath Bháid**
1. An Swan 2. An Meaircín Joe 3. An Lord

**Gleoiteogaí Móra**
1. An Bádóir Mór


**Gleoiteogaí Beaga**
1. John Dairbe

**Púcáin**
1. Mark Barrett

**Curachaí Canbháis Sinsir**
1. Leitir Mealláin 2. Leitir Mealláin (2) 3. An Sruthán

**Curachaí Adhmaid**
1. Na Cualáin 2. Cárna

**Naomhóga**
1. Johnny Jimmy 2. Na Cualáin 3. An Cheathrú Rua





# Páraic Madden

Coill Sáile, Cill Chiaráin
Uimh. GuthÁin: 095-33420

SEIRBHÍS HYMAC
RÉITEACH SUÍOMHANNA

# FÉILE NA MARA

*Bhí Gearóid Ó Cosgordha páirteach san obair eagrúcháin freisin.*
*Seo í a chur síos siúd ar an bhFéile.*

Tugadh poiblíocht roinnt seachtainí ó shin don ngalar mór, Bonamia, atá buailte ar bheirtreacha oistrí oirthear chuan na Gaillimhe, ó Dhroichead an Chláirín síos go Contae an Chláir. Níorbh aon scéal nua é; is eol seo le trí nó ceithre bliana. Tá aon bhealach amháin ag na beirtreacha atá slán chun cosaint a dhéanamh ar an ngalar seo, sin gan síolrú ná stoc a ghlacadh isteach ó aon áit. Tá an chosaint seo déanta go h-ábalta ag Comharchumann Sliogéisc Chonamara agus tá beirtreacha Ros Muc, Chill Chiaráin agus Chuan na Beirtrí Buí slán. Ní hé amháin sin ach níl ach fíor-bheagán beirtreacha in Éirinn ar féidir an maoímh sin a dhéanamh fúthu.

Sin cuid thábhachtach den chúlra agus Coiste Féile na Mara ag breathnú ar aghaidh go dtí 1994. An féidir leas a bhaint as an stádas 'saor ó Bonamia'? An féidir méadú a chur ar an ngné sin den fhéile a bhaineann le oistrí? Is fiú 30p an ceann an t-oistre; ach má thagann cuairteoir go Cill Chiaráin chun an t-oistre a ithe ann, is fiú i bhfad níos mó ná 30p an t-oistre don cheantar.

Tá mé buíoch do Pheadar Phat Mhóir Mac Donnacha as Loch Con Aortha a thug leide an-mhaith dom bliain nó dhó ó shoin ar conas sult ceart a bhaint as an oistre. "Cuir rúinnín *lemon* air", a deir sé. Rud a rinneas ag an mBuffet Beatha Mara.

Bhí seo ar bun ar an oíche Shathairn, an chéad oíche den Fhéile, san Ionad Pobail. Lydon House as Gaillimh a d'eagraigh agus a rinne an cur i láthair agus nuair a bhí na h-óráidí á ndéanamh ní raibh uair dár luadh 'an béile iontach a cuireadh ós ár gcomhair anocht' ná go raibh aontas ardghlórach croíúil ón dá chéad a bhí i láthair. Agus bhí sé go maith. Bradán, sailéid, oistrí, ribe róibéis, fíon, pórtar agus neart eile. Rinne na comhlachtaí áitiúla urraíocht ar an mbeatha: Bia Mara agus a gcomhlachtaí, C.S.C. agus Gaelic Seafoods. Ní raibh ar an bhféasta uile ach £10.

Nuair a bhí chuile rud eile ar an bpláta ite agam leag mé isteach ar na h-oistrí. Rinne mé mar a mhol Peadar. Bhíodar thar a bheith blasta, caithfear a rá. Ba dheas a bheith ag breathnú ar phlámásaí an bhoird – bhí mé féin chomh dona le duine ar bith – ag cur véarsaí fada plámáis i dtreo iad siúd 'nár thuig an blas'; déanadh athroinnt ar bheagán oistrí dá bharr, buíochas le Dia.


'Sí an tAire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn, a rinne an oscailt oifigiúil agus b'é Seosamh Ó Cuaig a sheol iris na féile. Bhí an chéad chaidreamh le Máire Geoghegan-Quinn thíos ar an gcéibh ag leath-uair tar éis a sé, áit a raibh bádóirí bailithe timpeall ar fhéasta pórtair agus chowder a bhí curtha ar fáil ag coiste na féile. Tuairiscítear gur go tréan croíúil a bhí an caidreamh.

Is dócha go bhfuil sé i bhfad siar i dtús an chéid ó bhí an oiread báid seoil, i gCill Chiaráin agus a bhí an deireadh seachtaine seo; fiche-dó uilig a chomhair Máirtín Curran, duine dena daoine a bhí i bhfeighil na rásaí. B'í an Capall, agus John Deairbe ar an stiúir, a thug an geall léi i rása na húicéirí.

Facthas Micheál Ó Cinnéide ó Bia Mara ag riaradh an Tug o'War, comórtas a bhuaigh meascán fathaigh ón gceantar a raibh cónaí ar a mbunáite i gcríocha i bhfad ó bhaile, críocha fad-shiúlaiteach na nGael.



Ag dul siar i gcónaí!
*An fhoireann a bhuaigh an Tarraingt Téide ag Féile na Mara.*



*Tarraing! Pádraic Ó Coirbín as Cárna.*

# WARD

T. V. RENTALS
TELEVISION & ELECTRICAL
Sales & Service

## Electrical Ltd.

MARKET STREET,
CLIFDEN.
Telephone (095) 21265

**SPECIAL OFFER**
Samsung Colour TV
Plus R/C Video
only
**£449.00**

**SPECIAL OFFER PACKAGE**
Mitsubishi 21" Colour TV with Fastext
Plus M/8 Video only **£699.00**
Save £149.00

| | |
|---|---|
| AMSTRAD Satelite System | only **£199.00** |
| PACE PRO 800 Satelite System | only **£299.00** |
| CAMBRIDGE Satelite System | only **£260.00** |
| MIDI Systems | from **£95.00** |

TOP QUALITY GOODS AT VERY KEEN PRICES
THE BEST ... WITH THE BEST

## Christmas Specials

| | |
|---|---|
| SAMSUNG 20" TV | £259 |
| SAMSUNG VCR | £269 |
| SAMSUNG 20" TV + VCR ONLY | £449 |
| AMSTRAD COMPUTER WITH B/W MONITOR | £169 |

| | |
|---|---|
| SONY 21" R/C CTV ONLY | £379 |
| SONY 2 HEAD VCR ONLY + VIDEO PLUS | £299 |
| SONY 21" TV + TEXT | £399 |
| SONY 21 'HI BLACK' TV NCCAM | £449 |
| SONY 25" 'HI BLACK' TEXT | £499 |
| SONY 14" CTV R/CONTROL | £230 |

| | |
|---|---|
| SEGA MASTER SYSTEM | £49 |
| MEGA DRIVE | £135 |
| SEGA MEGA DRIVE + 4 GAMES | £145 |
| AMIGA 600 + GAMES | £269 |

| | |
|---|---|
| MITSUBISHI 14" R/C TV | £199 |
| MITSUBISHI 21" R/C 'NEW BLACK DIAMOND' | £359 |
| MITSUBISHI 21" R/C TEXT TV | £399 |
| MITSUBISHI 25" TEXT CTV | £499 |
| MITSUBISHI 21" R/C NICAM TXT | £499 |
| MITSUBISHI 3 HEAD VCR | £299 |
| MITSUBISHI VCR MV18 + VIDEO PLUS | £329 |

**SATELLITE SYSTEM COMPLETE
FITTED IN YOUR HOME
FOR ONLY £250.00**

# WARD's of Clifden

**Serving Connemara for over 20 years**

# Ó Chárna go Cathair na Gréine

**Den dara bliain as a chéile, bhí duais mhór tairgithe do bhuaiteoirí an rása curachaí sé bhuille ag Féile Mhic Dara i mí Iúil – turas go New Orleans. B'iad Maitias, Pádraig agus Dara Bairéad as Fuirnis, Leitir Mealláin a chroch an geall leo.**

**Bhí Cathaoirleach Choiste Fhéile Mhic Dara, Maitias Ó Coirbín ina gcuideachta ar an turas go New Orleans.**

**Déanann *Maitias Ó Coirbín* cur síos ar an turas sin ...**

Tá deireadh tagtha le bliain eile rásaí curachaí agus ar nós na bliana anuraidh turas go New Orleans an príomh-dhuais a bhí le haghaidh buaiteoirí curachaí canbháis sé bhuille, chun páirt a ghlacadh i bhFéile na Náisiún Ceilteach i Louisiana. Ba é Danny Ó Flatharta agus a dheartháir Pádraic as an Áird Mhóir ó dhúchas ach a bhfuil cónaí orthu i French-Quarter, New Orleans a d'eagraigh an turas seo agus rinne Delta Airlines urraíocht ar 4 thicéad fillte.

Thug mé féin, Maitias, Dara agus Pádraic Bairéad as Fuirnis, Leitir Mealláin (seaimpíní Fhéile Mhic Dara) ár n-aghaidh ar New Orleans i mí Dheireadh Fómhair agus chaith muid 10 lá a b'fhearr a bhí ariamh againn ann. Nuair a shroich muid ceann cúrsa bhí an teas 85°.

Bhí Danny Flaherty romhainn ag an aerfort agus níorbh fhada go raibh muid in O'Flaherty's Bar. Chaith muid scaitheamh ansin ag éisteacht le scoth an cheoil agus na n-amhrán a bhí á chur ar fáil ag Danny agus Robin James Jones.

Go domhain san oíche thug Danny an ceathrar againn go dtí an Hilton Hotel san áit a raibh lóistín curtha ar fáil dúinn. Is é an Hilton an hotel is mó i New Orleans, agus caithfidh mé a rá go raibh an-chompóird againn ann. Bhí cúpla lá againn le bheith ag spaisteoireacht thart agus ag baint lán ár súl as iontaisí móra. Is áit mhór turasóireachta é New Orleans agus tagann daoine ann ó cheithre choirnéal an domhain. Tá an-cháil ar an áit le haghaidh *Jazz*.

Thugamar cúnamh do Danny áiteacha spóirt a fháil faoi réir le haghaidh na Féile. Ar an Satharn bhí na fo-rásaí curachaí ar siúl. Bhí fóirne ann as Boston, San Francisco agus dhá fhoireann as Pitsburg chomh maith le foireann na hÉireann.

Bhuail muid le go leor daoine as Conamara, cuid acu a bhí ag tógáil páirt sna rásaí agus cuid eile fós a bhí ag tabhairt tacaíochta. Cuireadh mé fhéin agus Peter Moylan as an Áird Mhóir i gceannas na rásaí curachaí agus fuair muid an-chúnamh ón Sheriff Patrol.

Bhí coimhlint ghéar sna rásaí ach ag deireadh an lae bhí an bua ag na Bairéid as Fuirnis agus thugadar Corn Cholmcille trasna go hÉirinn leo.

Is mór an chlú agus an cháil don Áird Mhóir, Éirinn agus New Orleans Danny agus Pádraic Ó Flatharta. Oibríonn siad an-chrua agus ba é Danny a spreag Féile na Náisiún Ceilteach i Louisiana.

Ar an ócáid seo ba mhaith liomsa mar Chathaoirleach ar Choiste Fhéile Mhic Dara buíochas ó chroí a ghlacadh le Danny agus a bhean Susan as ucht chomh maith agus a chaith siad linn. Bhí a gcineáltas ag dul thar maoil.


Tá comhcheangal cáirdiúil idir an dá Fhéile agus go mba fada buan a mhairfidh an ceangal seo.




Ar Bhruach an Mhississippi


*Seaimpíní Fhéile Mhic Dara ag ionad an rása mhóir i New Orleans.*

*Ó chlé....Pádraig Bairéad, Dara Bairéad agus Maitias Bairéad agus ag ceann an churaigh, Johney Seoighe as Inis Bearachain atá ina chónaí i mBoston anois agus Michael Lally as an gCeathrú Rua atá ina chónaí i mBoston freisin agus a rinne curachaí New Orleans.*



Castar na daoine ar a chéile ach ní castar na cnoic

*Ag an bhFéile Cheilteach i New Orleans.....Micheál Ó Cualáin as an Más ó dhúchas atá ina chónaí i bPittsburg, Pennsylvania anois agus Maitias Ó Coirbín, Cathaoirleach Choiste Fhéile Mhic Dara a bhí i New Orleans don ócáid.*



Cairde i gCéin

*Danny Ó Flatharta as an Aird Mhóir atá ina Chathaoirleach ar Fhéile na Náisiún Ceilteach i New Orleans, a bhean Susan agus a mac, Liam.*

## *Leabhair don Nollaig ar fáil anois!*

**Na hAntraipeologicals**
Úrscéal le Pádraig Standún (Cló Iar-Chonnacht) £6.00

**Idir Dhá Chultúr**
Le Declan Kiberd (Coiscéim) £6.00

**Gréagóir Goraille**
Mícheál Ó Brolacháin (Coiscéim) £3.00

**Comhad Caoch**
Úrscéal le Seán Ó Siadhail (Coiscéim) £5.00

**Sruth na Maoile**
Filíocht (Coiscéim & Cannongate) £11.95

**Díolaim Luibheanna**
Nioclás Williams (Sairséal Ó Marcaigh) £7.95

**Lá le Mamó** (do pháistí)
An Gúm £4.95

**An Lacha Feirmeora** (do pháistí)
An Gúm £5.95

**Seán Ó Riada - Beatháisnéis**
Tomás Ó Canainn/Gearóid Mac a' Bhua
(Gartan/Columba Press) £8.99

**Filiméala na Foraoise**
Siobhán Uí Néill (Philomel Productions) £14.75

***Á ndáileadh ar shiopaí leabhair ag Áis, aonad de chuid Bhord na Gaeilge***

**Áisínteacht Dáiliúchán Leabhar**
**BOOK DISTRIBUTION CENTRE**
31 Sr. na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2.
31 Fenian St., Dublin 2.
Fón: 01-6616522/6616259. Fax: 01-6616564

*Comhghairdeachas*

*ó*

# FORUM

**Ciste curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Rialtas na hÉireann**
*(Combat Poverty Agency).*

PÁIRTÍOCHT IDIR EAGRAIS STÁIT AGUS EAGRAIS PHOBAIL.

**FÁS**
**Comhairle Condae na Gaillimhe**
**BIM**
**Bord Sláinte an Iarthair**
**Connemara West Plc.**
**Ionadaithe ó Ghrúpaí Oibre**
**TEAGASC**
**Coiste Gairm Oideachais Chondae na Gaillimhe**

Ag obair in Iar-Thuaisceart Chonamara, ceantar tuaithe ina bhfuil 300 míle cr. agus 7,061 duine ina gcónaí ann.

*Tá 18 duine fostaithe ann agus is as an gceantar féin 15 acu.*

Ag obair don:

Dream Aosta
Iad siúd atá Dífhostaithe
An Óige agus Oideachas
Grúpaí Pobail
Mná

**Tá trí chuid sa bplean oibre atá againn:**

**(i) Cuidiú le grúpaí áitiúla.**

**(ii) Comhthuiscint a bhuanú idir na heagraíochtaí áitiúla agus na heagraíochtaí stáit.**

**(iii) Eolas a scaipeadh in áiteacha eile faoin méid atá foghlamtha againn.**

Cathaoirleach Forum: **Séamus O'Grady**
Stiúrthóir Forum: **Tom Lavin**


# Bliain na nAosach

*B'í 1993 "Bliain na nAosach" ar fud na hEorpa. Cuireadh roinnt feabhais ar an Ionad a thugann seirbhís lae do dhaoine aosta sa bparóiste seo i rith na bliana ... sin i Scoil Ghlinnsge. Ardaíodh an teorainn do líon na ndaoine a dtabharfar seirbhís dóibh freisin go 24.*

*Tugtar daoine ó chuile chuid don pharóiste go dtí an tIonad chuile Dhéardaoin agus sí an tSiúir Angela Ní Dhíomasaigh atá ina Stiúrthóir air. Is go deonach a thugann na hoibrithe a gcuid saothair. Tá ag éirí thar cionn leis an Ionad.*

### Tuairisc Mhór ar Dhaoine Aosta sa gCeantar Seo

Ní díomhaoin a bhí Coiste Cabhrach Chárna i mbliain seo na n-aosach, 1993. Ullmhaíodh tuarascáil mhór faoi dhaoine aosta i bparóistí Chárna agus Ros Muc faoi stiúir Dhochtúr Chárna, an Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh. Faraíor, 'speáin an tuarascáil nach bhfuil cuid de na seirbhísí is bunúsaí do shean ndaoine sách fairsing in iarthar Chonamara. Ach, mar a thuairisc muid i dtús na hIrise, tá deá-thoradh ar an tuarascáil seo cheana féin ins an méid go bhfuil an Roinn Leasa Shóisialaigh ag féachaint anois le heolas a thabhairt do dhaoine aosta faoina bhfuil dlite dhóibh.



*Sagart Pobail Chárna, Pádraig Audley; an Stiúrthóir, An tSiúr Angela agus Máire Ní Chearraláin ins an Ionad Lae.*



*An bhanaltra Máire Uí Chearraláin in éineacht le Dudley Guairim as Leitir Ard ins an Ionad Lae i Scoil Ghlinnsge.*



*Ag caitheadh an lae go deas, compóirdeach i Scoil Ghlinnsge.*



*Cuid den dream a thagann go dtí an tIonad do dhaoine aosta i Scoil Ghlinnsge.*



*An tIonad Cúraim Lae do dhaoine aosta i bpobal Chárna – Scoil Ghlinnsge. Sé an Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh, Dochtúr Chárna an Ceannasaí agus tá an tIonad aitheanta mar scéim phíolóiteach ag Bord Sláinte an Iarthair.*

# BANC NA hÉIREANN

## *(Bank of Ireland)*

### Clochán

Fón: (Clochán) 095-21111/21290 : Facs 095-21453.

## Seirbhísí an Bhanc Taistil

• Cuntais Taisce •
• Infheistiú Téarmúil •
• Cuntais "Golden Years" •
• Cuntais Iasachtaí Téarmúla •
• Iasachtaí Pearsanta agus Gnó/Ligean ar Léas •
• Taisce i gCumann Tógála an ICS •
• Cuntais dóibh siúd nach gcónaíonn sa tír •
• Malartú Airgid Eachtrannaigh •
• Cártaí "Access" agus "Visa" •
• Pleanáil Árachas Saoil • seirbhís saor in aisce le fáil •
• Árachas Baile •
• Chomh maith le Réimse Leathan de Sheirbhísí Eile •

### DÉ MÁIRT

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 10.10 r.n. - 10.20 r.n. |
| Ros Muc | 10.30 r.n. - 11.40 r.n. |
| Crosbhóthar Ros Muc | 11.45 r.n. - 12.30 i.n. |
| Earraí Cniotáilte | 1.30 i.n. - 1.40 i.n. |
| Tí an Mháille | 1.45 i.n. - 1.55 i.n. |
| Loch Con Aortha | 2.00 i.n. - 2.15 i.n. |
| Coill Sáile | 2.20 i.n. - 2.45 i.n. |
| An mhonarcha | 2.50 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉ CÉADAOIN

| | |
|---|---|
| Cill Chiaráin | 10.15 r.n. - 11.15 r.n. |
| Tí Kheane | 11.15 r.n. - 11.30 r.n. |
| An Aird Mhóir | 11.40 r.n. - 12.10 i.n. |
| Tí Leavy | 12.10 i.n. - 12.45 i.n. |
| Ruisín na Mainíoch | 1.45 i.n. - 2.10 i.n. |
| Carroll's | 2.15 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉARDAOIN

| | |
|---|---|
| Carna | 10.15 r.n. - 12.30 i.n. |
| | 1.30 i.n. – 3.00 i.n. |

### DÉ hAOINE

| | |
|---|---|
| An Sraith Salach | 10.00 r.n. - 10.20 r.n. |
| Caiseal | 10.30 r.n. - 10.45 r.n. |
| Tí Bhoulger | 10.50 r.n. - 11.25 r.n. |
| Tuaim Beola | 11.35 r.n. - 11.50 r.n. |
| IDA Cloch na Rón | 12.00 r.n. - 12.30 i.n. |
| Cloch na Rón | 1.30 i.n. - 3.00 i.n. |

## Comharchumann Sliogéisc Chonamara 1993

Nuair a bunaíodh an Comharchumann sa mbliain 1984 bhí beirt fhear ar an gcoiste ag obair go crua, ag cur an Chomharchumainn chun cinn ar mhaithe le hiascairí Chonamara thiar theas, b'iad siúd Éamonn Ó Conghaile as Cárna agus Réamonn Ó Mainnín as Ros Muc.

I mí Meán Fómhair, théis naoi mbliana a chaitheamh ar an gcoiste d'éirigh siad as. Bhí sár-obair déanta ag Éamonn mar Chathaoirleach agus ag Réamonn mar Chisteoir agus tá a luach saothair le feiceáil ins an lá atá inniu ann. Mar chomhartha buíochais ar an obair seo tugadh bronntanas speisialta don bheirt, ag cruinniú den Chomharchumann i gCill Chiaráin. Sé Ciarán Ó Maoláin, an Cathaoirleach nua, a bhronn na bronntanais ar an mbeirt ann.

Sa bpictiúr, bronnann Cathaoirleach nua an Chomharchumann Sliogéisc, Ciarán Ó Maoláin, plaic aitheantais ar an gCathaoirleach a bhí ann roimhe, Éamonn Ó Conghaile.




## Séasúr na nOisrí 1993

Ó thaobh na hiascaireachta dhe bhí séasúr réasúnta maith oisrí againn i mbliana. Ní raibh na praghsanna chomh maith le blianta eile ach bhí an t-iascach go maith agus tógadh 60 tonna oisrí. Ba cúis mhór imní don Chomharchumann é an fógra go raibh an galar Bonamia ar na hoisrí i nDroichead an Chláirín. Is galar uafásach é seo a tháinig isteach sa tír seo den chéad uair sa mbliain 1987. Níl aon leigheas ar an ngalar seo agus tá scrios déanta aige ar na hoisrí nádúrtha in áiteanna eile ins an Eoraip. Déanann an Comharchumann scrúdú ar an uisce agus ar na hoisrí ins na cuanta atá faoina gcúram agus tá muid saor ón ngalar ins an taobh seo tíre. Le cabhair ó oifigí Bhord Réigiúnach Iascaireachta an Iarthair tá an Comharchumann dóchasach go bhfuil siad in ann an galar a sheachaint agus leanacht leis an obair fhorbartha ar na cuanta.

*Ciarán Ó Maoláin*
*Cathaoirleach, Comharchumann Sliogéisc*

**Matt O'Sullivan**

**CEANTÁLAÍ, LUACHÁLAÍ AGUS AIRGEADAÍ**

Sealúchais ar fud Chonamara agus i gceantar Loch Coirib

***Speisialtóireacht ar chuile chineál morgáiste agus ar ath-mhaoiniú.***

Is féidir linn laghdú mór a dhéanamh ar do chaiteachas míosúil

Téigh i dteangmháil le
**Matt O'Sullivan, An Clochán**

Fón: 095-21066 nó 21428
agus 095-82503

# Dr. Micheál Ó Cathasaigh

Cárna

| | | |
|---|---|---|
| **IONAD SLÁINTE CHÁRNA:** | **10.00 a.m. - 1.00p.m.** | **Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine** |
| **IONAD SLÁINTE CHILL CHIARÁIN:** | **10.00 a.m. - 1.00 p.m.**<br>**3.00 p.m. - 6.00 p.m.** | **Dé Luain**<br>**Déardaoin** |
| **IONAD SLÁINTE AN CHAISIL:** | **3.30 p.m. - 4.30 p.m.** | **Dé Céadaoin** |

*Glacfaidh sé le daoine de réir socruithe roimhré*
*ón 3-6 a chlog i gCárna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine*

Uimhreacha Teileafóin

| | |
|---|---|
| Ionad Sláinte Charna/Baile: | (095) 32281/32243/32304/32305 |
| Cill Chiaráin: | (095) 33429 |
| Caiseal: | (095) 31161 |

SEIRBHÍSÍ

Comhairle Leighis • Cuairteanna baile • Géar-thástáil ar an gcroí • Scamhóga • fuil • Mion obráidí • Pleanáil chlainne • Tástáil "Allergy" • Seirbhís cógaisí leighis Instealladh do ghasúir agus do dhaoine a bheadh ag taisteal agus seirbhísí eile.

# ÉISC IATHGHLAS TEO.

## (Emerald Fisheries)

**Áird Mhóir, Cill Chiaráin,**
**Co. na Gaillimhe.**

**Fón: (095) 33432**
**Telex: 50922**

*Gach deá-mhéin le Comhairle Pobail Iorras Aithneach*

# Fágtar é ag Muintir na hÁirde!



*Bhuach Michael Mháire an Ghabha Craobh na bhFear i gComórtais Sean Nóis an Oireachtais.*

*Sa bpictiúr seo: Michael i lár báire, ar dheis a iníon Caitríona a bhuach an Chraobh Sean Nóis idir 17-21 i gComórtas Sheán Chóilín le linn Phléaráca Chonamara. Ar chlé: Bríd Ní Mhaoilchiaráin a bhuach an Chraobh faoi 16 ar an ócáid chéanna.*




*Ag seoladh leabhar Éamoinn Uí Chiosáin – An tÉireannach 1934-1937. Ó chlé: Seosamh Ó Guairim, a mháthair Máire agus a athair Joe as Ruisín na Mainíoch.*

# Ionad Soláthair an Chlocháin

**Bóthar na Gaillimhe, An Clochán**

ÁBHAR TÓGÁLA
agus
DÍOLTÓIRÍ GINEARÁLTA
PLUIMÉIREACHT AGUS TEAS

**Teil: 095-21476 nó 21449**
**Facs: 095-21877**



# ACM *ROOFING*

**Carna, Conamara.**
**Fón: 095 - 32251 Facs: 095 - 32341**

***Saineolaithe ar Chúrsaí Díonta***



Tá ACM i mbun oibre le ós cionn 20 bliain.
Tá jabanna móra á ndéanamh againn ar fud na tíre.
Bheadh áthas ar **Shéamas Breathnach** comhairle agus luacháil a thabhairt saor in aisce.

Tá margadh maith againn freisin in Earraí Iarainn
Ráillí, Frámaí, Clós Ceansú Beithígh, Geataí.

**An Braon Anuas?** **Glaoigh Orainn**
**Áras gan Ceann?** **Glaoigh Orainn**
**Fráma Cruach Foirgnimh?** **Glaoigh Orainn**



# Tubaiste

*Buaileadh fíor-dhroch-iarraidh ar an bpobal seo ar an 26ú Meitheamh i mbliana nuair a scrios tine monarcha deataithe bradán chomhlacht Gaelic Seafood i Ruisín na Maithníoch i gCárna.*

*Tugadh na lasracha faoi deara go gairid théis an deich a chlog ar maidin. D'éirigh leis an dream a bhí ag obair ann éalú as ach cé go ndearna briogáid dóiteáin as an gClochán agus as Gaillimh a ndícheall, bhí an áit scriosta cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin.*

*Bhí gar do scór ag obair ann agus bhíothas ag súil go ndúblódh an uimhir sin roimh dheireadh na bliana. Bhí sé ceaptha gur déanadh os cionn luach trí mhilliún punt i ndamáiste. Cailleadh na postanna agus an gnó sa gceantar seo, cé go bhfuil dóchas ann go dtógfar an mhonarcha in athuair.*



Bádóireacht ag Leitir Árd i rith Pléaráca Chonamara '93.

# TEILIFÍS

D'eagraigh Comhairle Pobail Iorras Aithneach i gcomhar le Comharchumann Chonamara Thiar cúrsa oiliúna in obair fhíseán agus teilifíse i seanscoil Loch Con Aortha ar an 18ú agus 19ú Meitheamh i mbliana. D'fhreastal cheithre dhuine fhichead ar an gcúrsa. Sé Christy King agus a chomhlacht a thug an oiliúint. Ina dhiaidh sin, rinne an grúpa roinnt scannánaíochta aimsir fhéile Mhic Dara agus beidh an scannán dá sheoladh amach anseo.

Tá súil againn go mbainfidh an pobal tairbhe agus leas as Teilifís na Gaeltachta agus as an obair a thabharfaidh sí.

Ins na pictiúir – an grúpa i mbun oibre i Scoil Loch Con Aortha agus níos deireanaí ar Oileán Mhic Dara.





## Seaimpíní Seachtar an Taobh Sacair

D'eagraigh Bord Bainistíochta Scoil na hÁirde Móire comórtas sacair seachtar an taobh i bPáirc Chárna ar an 1ú Lúnasa i mbliana. D'éirigh thar cionn leis. Bhí 13 foireann páirteach ann. Seo hiad na foirne: An Áird Mhóir "A", An Áird Mhoir "B" agus an Áird Mhóir "C", Cill Chiaráin "A", Cill Chiaráin "B", An Saotharlann Mara, Cárna "A", An Saotharlann Mara, Cárna "B", West Coast, Caiseal, Inis Bó Finne, Cárna, An Cheathrú Rua agus an Mám.

Bhí Corn Éisc Iathghlas Teo. ina duais ag na buaiteoirí agus bhí plaiceanna le fáil ag an dara dream. Cé go raibh sé fliuch, bhí an-lá spóirt ann agus théis an-choimhlint, bhí an bua ag foireann Pheadair Mhic Giolla Phádraig, sin iad an Áird Mhóir "C". Bronnadh na duaiseanna Tigh Mheaic agus bhí an-oíche ann. Tá súil ag an gCoiste an ócáid seo a reachtáil go bliantúil.




An fhoireann bhuacach

*Chun tosaigh, ó chlé: Colm Ó hUaithnín agus Peadar Mac Giolla Phádraig.*

*Ar gcúl: Pádraig Mac Donnchadha ó Emerald Fisheries, an tAthair Pádraig Ó Fearrchair (i ngreim ins an micrafón), Feichín Guairim, Marcas Ó Maoilchiaráin, Colm Ó Clochartaigh, Daithí De Búrca agus Micheál Ó Maoláin.*



*Evelyn Uí Mhaoileáin as an Áird Mhóir a bhain céim M.Sc. in Eolaíocht Mhara amach i mí Meitheamh na bliana seo. Tá Evelyn ag obair go lán-aimsearach i gcomhlacht Taighde Mara agus bhain sí an chéim amach le linn di a bheith ag obair agus ag staidéar san am chéanna in Ollscoil Hull i Sasana.*



*Éamonn Ó Domhnaill as an gCeathrú Rua a ceapadh ina Bhainisteoir nua ar Chomharchumann Chonamara Thiar i rith na bliana.*



**Cruinn Díreach!**

*Siad foireann Tigh Leavy ón Áird Mhóir a bhua Sraith Chomórtas Darts Chonamara níos túisce i mbliana. Seo í an fhoireann:*

*Líne cúil ó chlé – Seán Seoige, Réamonn Ó Flatharta, Pádraig Ó hIarnáin, Tomás Ó Clochartaigh, Peadar Ó hIarnáin, Marcus Ó Maoilchiaráin.*

*Líne tosaigh ó chlé – Seán Ó Flatharta, Morgan Ó Maoilchiaráin, Pádraig Breathnach, Gearóid Ó Cualáin agus John Joe Breathnach.*




**Súil Thart**

*An tAire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn ag breathnú amach doras Tí Dan O'Hara in aice an Chlocháin i mBealtaine na bliana seo.*



**Na Chéad Bhoinn**

*Lorna Ní Mhaoileáin agus Pádraig Ó Dubháin as an Aird Mhóir ina suí ar an gclaí taobh amuigh de Halla Charna agus iad an-spóirtiúil as na chéad bhoinn a bhuaigh siad ag Feis Charna i mí Meitheamh seo caite.*



**Naíscoil Ghlinnsge 1993**

*Ina suí (ó chlé): Kate Ní Chuirrín, Gavin Mac a' Bháird, Edel Ní Dhubhda agus Tara Nic a' Bháird. Líne cúil (ó chlé): Eileanór Ní Chatháin, Lydia Nic Giolla Phádraig, Sarah Ní Chuirrín agus Cathal Ó Loideáin.*



*Cadets Chárna agus Chill Chiaráin – buíon óg Ord Mhálta a chríochnaigh a gcéad chúrsa oiliúna i 1993.*



**Á stopfaidh tú!**
*Pádraic Ó Cosgordha agus Éamonn Mac an Ríogh ag ócáid de chuid Phléaráca Chonamara.*



**Ach níl tú a rá liom!**
*Seosamh Ó Cuaig agus Piaras Ó Gaora ag Pléaráca Chonamara i mbliana.*



*An tAthair Pádraic Audley, sagart pobail Chárna anois agus an tAthair Seosamh Ó Briain, a bhíodh ina shéiplíneach i gCárna. Tógadh an pictiúr seo in Árainn i 1976.*




**25 Bliain**

*Ba é Comhar Creidmheasa an Chaisil an chéad Chomhar i gceantar tuaithe in Éirinn nuair a bunaíodh é 25 bliain go ham seo. Thug an Comhar seirbhís don phobal seo go háirithe an ceann thuaidh den phobal. Seo é an Bord Stiúrtha agus an Coiste Feitheoireachta ag ceann de na hócáidí ceiliúrtha.*

*Líne cúil (ó chlé): Bríd Ní Chlochartaigh (Leitheanach), Máirín Seoige (Sruth Sháile), Caitlín Bean Uí Niaidh (Leitheanach), Nóra Ní Laoi, Bríd Uí Mhadaoin (Cloch na Rón), Bairbre Seoige (Caiseal), Pádraig Mac an Iomaire (Bun na hAbhann) agus Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin (Leitir Ard).*

*Chun tosaigh: Miko Bodkin as Tuaim, Tony Boyle (Gaillimh), Kathleen Diamond (Cloch na Rón), An tAthair Seán Higgins as Cill Chiaráin, Béal Átha na Slua (Séiplíneach ar an gCaiseal nuair a bunaíodh an Comhar).*

# 20 Bliain ó Shin



*Foireann Chárna a bhuach Craobh Peile an Iarthair nuair a bhuail siad Éire Óg (ó cheantar an Chaisleáin Gearr) sa gcluiche ceannais in Uachtar Ard i 1973.*

*An líne cúil, ó chlé: Gearóid Ó Cosgordha, Sylvester Ó Caodhna, Seosamh Ó Loideáin, Pádraig Ó Coirbín, Tomás Ó Máille, Seosamh Mac an Iomaire, Seán Ó Maoilchiaráin agus Tomás Ó Caodhna.*


*An líne tosaigh, ó chlé: Marcus Ó Maoilchiaráin, Stiofán De Búrca, Criostóir Ó Súilleabháin, Peadar Ó hIarnáin, Pádraig Ó Clochartaigh, Séamus Ó Máille agus Séamus Breathnach.*

*Seo pictiúr d'fhoireann Éire Óg thíos. Tug faoi deara an cúigiú duine ó chlé sa líne cúil. Sin é John Connolly, sár-iománaí na Gaillimhe … agus an ceathrú duine ó dheis ins an líne tosaigh, a dheartháir, Michael Connolly, duine de laochra iomána na Gaillimhe i 1980.*





**I gceannas an Chóir**
*An tSiúr Angela i gceannas ar fhonnadóirí óga Ord Mhálta*



**Ní féidir an cupán tae a bhualadh!**
*Máire de Búrca i mBaile Átha Cliath ag bailiú an £3 mhilliún.*



**In ómós dá hathair**
*Iníon Mhaitias Mhic Dhonnchadha, Eilís ag an ócáid ómóis sa Teach Dóite.*

# Gaelic Seafood Ireland


**PRODUCERS OF THE FINEST ATLANTIC SALMON**

Os cionn 50 post i bParáiste Chárna

IONAID OIBRE
Leitir Árd, san Áird, ar an Sraith Salach, i Leitir Mealláin agus i Rinn Mhaoile

Ag tacú leis an gceantar agus ag seasamh leis an gceantar

*Comhghairdeachas leis an gcoiste*
*agus guímíd gach dea-rath ar a gcuid oibre*


Dhá shúil
Dhá chluas
Dhá láimh
Dhá chois...,
Dhá theanga
Gan amhras!
Údarás na Gaeltachta